An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

## AN COIMISIÚN TOGHCHÁIN

## AN BEARTAS SLÁINE AGUS EITICE TAIGHDE

Is feidhm de chuid an Choimisiúin Toghcháin (an Coimisiún) é 'taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta toghcháin, ceisteanna a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna ina measc'.

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin is airde de shláine taighde a chomhlíonadh i gcaitheamh an phróisis taighde ar fad. **Prionsabail chun sláine ár dtaighde a chinntiú** a chuireann bonn eolais faoi gach céim den phróiseas taighde ó thionscnamh go cur i gcrích – ó shainaithint topaice, go dearadh an taighde, bailiú fianaise agus sonraí, anailís ar shonraí agus tuairisciú.

Is iad na prionsabail sin, a léiríonn dea-chleachtas i sláine taighde,[1] go mbeadh an taighde:

- Neamhspleách agus neamhchlaonta agus neamhlaofa
- Trédhearcach sa chaoi a ndéantar taighde a fhorbairt, a dhéanamh, a athbhreithniú, a thuairisciú agus a chur in iúl
- Críochnúil
- Bunaithe ar fhianaise agus faisnéis nó sonraí láidre, iontaofa agus bailí mar bhonn faoi (de réir Chuid 2.2 den Ráiteas Beartais Náisiúnta thuasluaite)
- Faoi réir piarmheasúnú agus grinnscrúdú
- Ag comhlíonadh beartais agus cosaintí ábhartha eile, ar nós réimse na cosanta sonraí
- Ionchuimsitheach agus cothrom, agus
- Ag cur **luachanna eitice láidre** i bhfeidhm sa chás *go mbaineann daoine mar rannpháirtithe leis an taighde* (féach an Creat Eitice thíos).

**Chun na prionsabail sin a bhaint amach:**

**1.1 Nuair a thionscnaítear taighde,** sainaithníonn an Coimisiún topaicí taighde *ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus neamhchlaonta*, bunaithe ar an mbreithiúnas gairmiúil is fearr agus ar chomhairliúchán cuí. Beartaítear go gcuirfeadh gach tionscadal le heolas sna réimsí a bhaineann le sainordú an Choimisiúin.

**1.2 Nuair a dhéantar iarratas[2]** (nó ag an gcéim pleanála má tá an tionscadal á dhéanamh go hinmheánach), ní mór do thaighdeoirí:

- míniú a thabhairt ar mar a gcinnteoidh siad go dtugtar faoin taighde *ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus neamhchlaonta* de réir stádas an Choimisiúin mar

[1] Tá na prionsabail sláine a ghlac an Coimisiún ag teacht le tiomantais chun sláine taighde a chothú agus a chinntiú mar a leagtar amach in National-Policy-Statement-on-Ensuring-Research-Integrity-in-Ireland.pdf (iua.ie), an Ráiteas Beartais Náisiúnta a d'fhoilsigh an Research Integrity National Forum, Tiomantas 1 (lch 6) agus Cuid 2.2 *Research Data Practices and Management*, go háirithe.

[2] Beidh an Beartas Sláine agus Eitice Taighde mar chuid de gach iarratas ar thaighde coimisiúnaithe.

chomhlacht neamhspleách agus a shainordaithe taighde reachtúil, ina measc **aon choimhlint leasa a shainaithint**, agus an chaoi mbainisteofaí a leithéid

- cur síos soiléir a thabhairt ar an gcur chuige modheolaíochta atá beartaithe agus an chaoi a gcuirfear i bhfeidhm é, bunaithe ar a mbreithiúnas gairmiúil is fearr ag an tús
- sa chás go mbaineann an taighde le grúpaí nach sroichtear i gceart, atá faoi ghannionadaíocht nó leochaileach, an chaoi a léireofar ionadaithe na ngrúpaí sin agus/nó a ndearcthaí a mheas agus a mhíniú
- míniú a thabhairt ar na próisis atá i bhfeidhm chun an cur chuige modheolaíochta a ghrinnscrúdú agus a athbhreithniú i gcaitheamh an tionscadail
- tiomantas a thabhairt go gcomhlíonfar prionsabail an Choimisiúin i leith sláine taighde atá thuasluaite agus go dtabharfar faoi Mheasúnú Eitice, agus Ráiteas Eitice más cuí, de réir luachanna eitice an Choimisiúin sula gcuirtear tús leis an taighde.

**1.3 Ón tús go cur i gcrích,** tá cloí le sláine taighde ina chuid den phróiseas athbhreithnithe le haghaidh gach tionscadail taighde. Cé go dteastaíonn cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta agus tiomantas do shláine taighde nuair a thosaítear, nuair a chuirtear gach nuashonrú ar an taighde agus/nó dréacht isteach, agus sna dréachtaí deiridh, déanfaidh an taighdeoir/na taighdeoirí:

- cur síos soiléir a thabhairt ar an modheolaíocht, agus an t-údar a bhí leis an rogha sin, agus an chaoi a gcuirtear i bhfeidhm í nuair atá sonraí agus faisnéis á mbailiú agus á léirmhíniú. Áirítear leis sin na toimhdí a leagan amach, cinntí agus prótacail anailíse sonraí, logaí den anailís sonraí agus rochtain a thabhairt ar shonraí agus taifid trínar féidir, nuair is cuí, an obair a atáirgeadh. Caithfear é sin a chur i láthair i dteanga shoiléir, inrochtana i gcás taighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil araon
- cur síos soiléir agus taifead a thabhairt ar an modh taighde agus cinntí faoi na sonraí agus an t-ábhar a úsáideadh sa chás nach bhfuil buntaighde agus bailiú sonraí ina gcuid den taighde, chun tabhairt faoi anailís ar bheartas, cuir i gcás, nó anailís chomparáideach a bhaineann leas as foinsí tánaisteacha.

Toisc go maoinítear taighde an Choimisiúin Toghcháin go poiblí, beidh aschuir agus sonraí ar fáil don phobal agus ina bhfoinse oscailte nuair is féidir, foilsiú i gcartlanna bunaithe taighde agus sonraí ina measc. Comhaontóidh an taighdeoir agus an Coimisiún an cur chuige i leith foilsiú dá leithéid sula dtosaítear ar an tionscadal.

Beidh próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm ag tionscadail sheachtracha trína dtabharfar nuashonruithe rialta a ndéanfaidh bainisteoir tionscadail maoirsiú air i dteannta Grúpa Stiúrtha ar a bhfuil baill foirne taighde ghairmiúla cháilithe sa Choimisiún agus taighdeoir seachtrach amháin ar a laghad atá cáilithe go cuí. Beidh tionscadail inmheánacha faoi réir phiarmheasúnú bhaill foirne taighde ghairmiúla an Choimisiúin agus, nuair is cuí, déanfaidh fochoiste den Ghrúpa Comhairleach Taighde piarmheasúnú orthu.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go bhfuil an beartas seo ceaptha paraiméadair eitice fhoriomlána a leagan síos chomh maith le treoir ghinearálta agus dea-chleachtas a bheidh mar bhonn faoin taighde ar fad a dhéanfaidh an Coimisiún Toghcháin nó a dhéanfar ar a shon. Mar gheall ar a raon feidhme leathan, bainfidh taighde an Choimisiúin le réimse leathan topaicí, a mbeidh raon modheolaíochta agus impleachtaí eitice féideartha ag baint leo. Sa chás go meastar go bhfuil tionscadail thar a bheith casta nó leochaileach ó thaobh na heitice, d'fhéadfadh go mbeadh gá le sraith shainoiriúnaithe treoirlínte agus cosaintí a fhorbairt agus comhaontófar iad sin ag an tús idir an Coimisiún, na taighdeoirí, an Grúpa Comhairleach Taighde agus saineolaithe eile in eitic thaighde de réir mar is gá.

## LUACHANNA, MEASÚNÚ AGUS RÁITEAS EITICE

Sa chás go mbainfidh tionscadal taighde le daoine a chuirfidh am, iarracht, léargais agus sonraí pearsanta ar fáil dó (agallaimh fhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla, suirbhéanna nó grúpaí fócais, mar shampla), caithfear leas na rannpháirtithe a chosaint i gcónaí. Chuige sin, caithfear bunluachanna eitice an Choimisiúin a chomhlíonadh i gcaitheamh an phróisis taighde:

- Díobháil a sheachaint agus tairbhe a uasmhéadú – ní bhaileofar ach sonraí a chuireann go soiléir le cuspóirí an taighde agus le ról an Choimisiúin

- Meas a léiriú ar chearta agus ar dhínit na ndaoine agus na ngrúpaí rannpháirteacha, agus aird a thabhairt ar aon traidisiúin nó cleachtais shainaitheanta a bhaineann go sonrach leis na rannpháirtithe

- Toiliú feasach a fháil ó rannpháirtithe i ndiaidh soiléire a thabhairt ar chuspóir an taighde, an chúis ar iarradh orthu páirt a ghlacadh ann, agus an chaoi a n-úsáidfear an fhaisnéis a thugann siad

- A mheas an dteastóidh tacaíochtaí cuí ó rannpháirtithe, ina measc aisíoc b'fhéidir ar chostais nó speansais lena mbaineann agus má theastaíonn, an chaoi a mbainfear é sin amach go heiticiúil gan cur isteach ar shláine an taighde ná ar cheart na rannpháirtithe chun dínite agus neamhspleáchais

- Sonraí a chosaint – príobháideachas agus rúndacht a chinntiú i dtaobh chosaint na sonraí pearsanta de réir fhorálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2016 ('GDPR') ón Aontas Eorpach agus na hAchtanna Cosanta Sonraí 1988–2018. Sa chás go mbaileofar sonraí, leagfaidh na taighdeoirí amach go soiléir an chaoi a gcinnteoidh siad comhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí, a gcur chuige beartaithe i leith coinneáil agus scriosadh sonraí ina measc.

**2.1 Sula dtosaítear,** tabharfaidh taighdeoirí freagracha faoi mheasúnú eitice ina measfar na luachanna eitice seo a leanas agus ina n-ullmhófar ráiteas eitice:

- Sainaithneofar aon cheist eitice fhéideartha a bhaineann le gach luach agus an chaoi a dtabharfar aghaidh air i gcaitheamh an tionscadail taighde
- Dearfar foirm thoilithe fheasaigh más ábhartha
    a) ina mínítear cuspóir an tionscadail
    b) ina mínítear ábharthacht an rannpháirtí don chuspóir sin agus
    c) ina n-iarrtar toiliú (tá foirm shamplach in Aguisín 1)
- Leagfar amach an chaoi a ndéanfar aon sonraí a bhailítear a thaifeadadh, a phróiseáil agus a chosaint, lena n-áirítear a neamhainmníocht agus a rúndacht, de réir GDPR agus na nAchtanna Cosanta Sonraí agus Bheartas Cosanta Sonraí an Choimisiúin
- Sainaithneofar aon rannpháirtithe a d'fhéadfaí a thuairisciú mar 'leochaileach' agus sonrófar bearta chun maolú na leochaileachtaí a bhaineann go sonrach le staid nó eispéireas grúpaí áirithe a laghdú a oiread agus is féidir. Áireofar le grúpaí a bhíonn leochaileach rannpháirtithe nach bhfuil in ann, nó a bhféadfadh nach mbeidís in ann, toiliú *feasach* a thabhairt (m.sh. mar gur páistí iad, go bhfuil bacainn teanga ann a d'fhéadfadh cur isteach ar a gcumas tuisceana, go bhfuil siad faoi mhíchumas nó go bhfuil lagú cognaíochta ag gabháil dóibh). Má iarrtar aontú, teastóidh nósanna imeachta agus cosaintí soiléire.

Sa chás go dteastaíonn faomhadh an Choiste Eitice nó an chomhlachta chomhionainn ina n-institiúid féin ó thogra taighde iarratasóra, d'fhéadfadh gur leor cáipéisí a cuireadh isteach agus faomhadh a fuarthas mar chuid den phróiseas seo má chomhlíonann siad na ceanglais anseo. Déanfaidh foireann an Choimisiúin a ndícheall a chinntiú go bhfuil aon fhaomhadh a theastaíonn cuíchóirithe a oiread agus is féidir, agus ceanglais dhifriúla a d'fhéadfadh a bheith ag institiúidí difriúla á gcur san áireamh. Beidh an beartas sin i bhfeidhm freisin i gcás taighde a dhéanann comhlachtaí, nó a dhéantar i gcomhar le comhlachtaí, nach institiúidí ardoideachais ná eagraíochtaí déanta taighde incháilithe iad, ar nós eagraíochtaí sochaí sibhialta nó eagraíochtaí neamhrialtasacha.

**2.2** Sa chás go ndéantar coimisiúnú seachtrach ar thionscadal, faomhfaidh Grúpa Stiúrtha an Tionscadail an Ráiteas Eitice.


Sa chás go ndéanann baill foirne an Choimisiúin tionscadal, faomhfaidh fochoiste den Ghrúpa Comhairleach Taighde an Ráiteas Eitice.

**2.3** Beidh cloí leis an Ráiteas Eitice i measc na dtaighdeoirí ina chuid den phróiseas athbhreithnithe rialta do na tionscadail ar fad, mar a leagtar amach in 1.3 thuas.


*Cé go gcuireann an Coimisiún na próisis thuasluaite i bhfeidhm, tá gach taighdeoir gairmiúil bainteach freagrach iad féin as a chinntiú go dtugann siad faoin taighde de réir na bprionsabal sláine agus na luachanna eitice a phléitear sa cháipéis seo.*

**2.4** Comhaontóidh an taighdeoir/na taighdeoirí agus an Coimisiún prótacal le haghaidh gach tionscadail faoi fhoilsiú an taighde agus an úsáid a bhainfidh na taighdeoirí amach anseo as aon sonraí a bhailítear.

**Fíor 1 – Sláine taighde a choimisiúnaítear go seachtrach a chinntiú**




**Fíor 2 – Sláine taighde inmheánaigh a chinntiú**



An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

**Aguisín 1**

**Foirm thoilithe shamplach do rannpháirtithe**

Léigh na ráitis anseo a leanas agus sínigh thíos chun a léiriú go n-aontaíonn tú leo:

o Tuigim an t-eolas a phléitear sa bhileog eolais faoin tionscadal seo a tugadh dom

o Aontaím páirt a ghlacadh sa tionscadal taighde seo, [CUIR AINM AN TIONSCADAIL ANSEO]

o Tugadh deis dom ceisteanna a chur faoin taighde agus faoi ábharthacht an eolais a thabharfaidh mé

o Tugadh freagra sásúil ar aon cheist a bhí agam

o Tuigim go bhféadfaidh mé gan freagra a thabhairt ar aon cheist le linn an phróisis taighde

o Tuigim go bhféadfaidh mé éirí as an taighde ag am ar bith gan aon tionchar

o Tuigim an tábhacht a bhaineann le cuntas fírinneach a thabhairt ar an méid atá á phlé

o Tuigim go mbeidh an t-eolas a thugaim faoi rún agus nach léireofar ar bhealach ar bith go mbaineann sé liomsa

o Aontaím le taifeadadh a dhéanamh ar m'agallamh agus go scriosfar an téip nuair atá an taighde thart (Más ábhartha)

o Aontaím le stóráil mo shonraí ar fhreastalaí slán i rith an tionscadail

o Fuair mé eolas agus sonraí teagmhála an ionadaí eitice/an choiste eitice ábhartha (más ábhartha).

**Síniú an Rannpháirtí: ___________________________ Dáta: __________**

**Síniú an Taighdeora: __________________________ Dáta: _________**

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

**Aguisín 2**

**Feidhmeanna an Choimisiúin**

30. (1) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an gCoimisiún:

(a) ábhar na dtograí reifrinn a mhíniú don phobal, de réir *Chaibidil 5*;

(b) athbhreithniú a dhéanamh, de réir *Chaibidil 7*, ar na toghcheantair le haghaidh comhaltaí a thoghadh don Dáil agus comhaltaí a thoghadh do Pharlaimint na hEorpa, agus tuairisciú don Chomhchoiste Oireachtais ina leith;

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar theorainneacha toghlimistéir áitiúil agus tuairisciú don Aire i leith na dteorainneacha sin, de réir *Chaibidil 8*;

(d) taighde a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta toghcháin, agus cibé moltaí is cuí leis a chur faoi bhráid an Aire, de réir *Chaibidil 9*;

(e) eolas a chur ar fáil, don phobal, faoi phróisis toghcháin (reifrinn ina measc) agus rannpháirteachas an phobail i bpróisis toghcháin agus dhaonlathacha an Stáit a spreagadh, de réir *alt 67*;

(f) Clár na bPáirtithe Polaitíochta a ullmhú agus a chothabháil, de réir *Chaibidil 6*;

(g) maoirsiú a dhéanamh ar chlár na dtoghthóirí de réir *Chaibidil 10*;

(h) fógraíocht pholaitiúil ar líne a rialáil de réir *Chuid 4*;

(i) sláine toghchán agus reifreann a chosaint ar scaipeadh nó foilsiú bréagaisnéise ar líne, mífhaisnéise ar líne agus iompraíocht ionramhálach nó bhréagach ar líne, de réir *Chuid 5*.

(2) Beidh ag an gCoimisiún na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh nó a ghabhann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.

(3) Beidh an Coimisiún, faoi réir an Achta seo, neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.